CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 158/25**

**Lucsamburg, 18 Nollaig 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-679/23 P | WS agus páirtithe eile v Frontex (Oibríocht chomhpháirteach um fhilleadh)

# Oibriochtaí comhpháirteacha um fhilleadh: Déantar breithiúnas na Cúirte Ginearálta lena ndiúltaítear do chaingean le haghaidh damáistí arna tabhairt ag teaghlach dídeanaithe ón tSiria i gcoinne Frontex tar éis a n-aistrithe ón nGréig go dtí an Tuirc a chur ar neamhní den chuid is mó

*Déanann an Chúirt Bhreithiúnais an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais*

Tar éis oibríocht chomhpháirteach um fhilleadh de chuid na Gréige agus na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), rinneadh teaghlach de náisiúnaigh ón tSiria a aistriú go dtí an Tuirc díreach tar éis dóibh an Ghréig a bhaint amach, áit inar dhearbhaigh siad gur spéis leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta. Agus iad den tuairim gurb ionann a n-aistriú chuig an Tuirc agus *refoulement* neamhdhleathach agus, le linn an aistrithe sin, gur sáraíodh a gcearta bunúsacha, iarrann an teaghlach cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a bhain dóibh mar gheall ar iompar Frontex roimh an oibríocht um fhilleadh, lena linn agus ina diaidh. Maíonn an teaghlach, *inter alia*, dá gcomhlíonfadh Frontex a oibleagáid chun urraim do chearta bunúsacha agus do phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú le linn na hoibríochta sin, nach sárófaí na cearta sin agus nach gcuirfí ar ais chuig an Tuirc iad, ach go ndeonófaí cosaint idirnáisiúnta dóibh san Aontas Eorpach. Ós rud é gur dhíbh an Chúirt Ghinearálta a gcaingean, thug an teaghlach caingean os comhair na Cúirte Breithiúnais, a chuir breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní den chuid is mó. Measann an Chúirt, *inter alia*, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú ceart ar ról Frontex sa oibríocht um fhilleadh sin, agus í ag tabhairt dá aire go bhforchoimeádtar ar an nGníomhaireacht sin le dlí an Aontais [1] sraith oibleagáidí atá beartaithe chun urraim do chearta bunúsacha a áirithiú i gcomhthéacs oibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh, lena n-áirítear an oibleagáid a fhíorú gurb ann do chinntí um fhilleadh do gach duine a bhfuil sé beartaithe ag Ballstát iad a áireamh in oibríocht den sórt sin. Thairis sin, d'fhéadfadh sáruithe féideartha ar chearta bunúsacha a tharlaíonn le linn eitilt fillte teacht faoi dhliteanas an Bhallstáit lena mbaineann (an Ghréig, sa chás seo), ach faoi dhliteanas Frontex freisin. Tarchuirtear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, a mbeidh uirthi rialú a dhéanamh arís agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear le dlí an Aontais ar Frontex in oibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh á gcur san áireamh.

An 9 Deireadh Fómhair 2016, tháinig teaghlach de sheisear náisiúnach Siriach, ar Coirdinigh eitneacha iad, ina bhfuil beirt tuismitheoirí agus ceathrar leanaí, ar oileán Milos sa Ghréig, áit ar dhearbhaigh siad gur spéis leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta. Mar sin féin, cúpla lá ina dhiaidh sin, aistríodh an teaghlach sin chuig an Tuirc, tar éis oibríocht chomhpháirteach um fhilleadh de chuid na Gréige agus Frontex. Os rud é go raibh eagla orthu go seolfaí iad ar ais chuig an tSiria, theith siad go dtí an Iaráic.

Agus iad ag meas gurb ionann a n-aistriú chuig an Tuirc agus *refoulement* neamhdhleatach agus, le linn an aistrithe sin, gur sáraíodh a gcearta bunúsacha, rinne an teaghlach gearáin le Frontex, a dhiúltaigh dóibh.

Iarrann an teaghlach mar sin ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a ordú do Frontex cúiteamh a íoc as an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a líomhnaítear a bhain dóibh mar gheall ar iompar na Gníomhaireachta sin roimh an oibríocht um fhilleadh, lena linn agus ina diaidh. Maíonn an teaghlach, *inter alia*, dá gcomhlíonfadh Frontex a oibleagáid chun urraim do chearta bunúsacha agus do phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú le linn na hoibríochta sin, nach sárófaí na cearta sin agus nach gcuirfí ar ais chuig an Tuirc iad, ach go ndeonófaí cosaint idirnáisiúnta dóibh san Aontas Eorpach.

In 2023, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta [2] don chaingean arna tabhairt ag an teaghlach mar gheall nach raibh nasc cúisíoch idir iompar neamhdhleathach líomhainte Frontex agus an damáiste a fulaingíodh, gan measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha eile maidir le dliteanas. Cinneann sí, ós rud é nach bhfuil aon inniúlacht ag Frontex maidir le measúnú a dhéanamh ar fhiúntais cinntí um fhilleadh ná maidir le scrúduithe ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, nach bhféadfaí í a chur faoi dhliteanas i leith aon damáiste a bhaineann le filleadh na ndaoine sin ar an Tuirc.

Agus an t-achomharc á éisteacht aici, **cuireann an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní den chuid is mó agus déanann sí an cás a tharchur ar ais chuici.**

Ina breithiúnas, tugann an Chúirt dá haire, ar thaobh amháin, **go bhforchuirtear sraith oibleagáidí le dlí an Aontais ar Frontex, atá beartaithe chun urraim do chearta bunúsacha** a áirithiú i gcomhthéacs oibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh. Ar an taobh eile, meabhraíonn an Chúirt nach bhféadfadh baint a bheith ag na hoibríochtaí sin ach amháin le daoine a bhí ina n-ábhar do chinntí um fhilleadh i scríbhinn agus cinntí in-fhorfheidhmithe um fhilleadh. Dá bhrí sin, **ceanglaítear ar Frontex a fhíorú go bhfuil ann do chinntí um fhilleadh den sórt sin** do na daoine uile a bhfuil sé beartaithe ag Ballstát a chur san áireamh in oibríochtaí cómhpháirteacha um fhilleadh, chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal *an non-refoulement* leis na hoibríochtaí sin. Dá bhrí sin, seasann an Chúirt Bhreithiúnais leis an teaghlach ón tSiria agus cinneann sí **go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí nár chuir Frontex ach tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil ar fáil do na Ballstáit**, gan iallach a bheith air a fhíorú gurb ann do chinneadh um fhilleadh.

Thairis sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí freisin agus í ag cinneadh gurb é an Ballstát óstach amháin atá freagrach as aon sárú ar chearta bunúsacha a tharlaíonn le linn eitilt fillte, gan aon dliteanas a bheith ar Frontex ina leith.

Dá bhrí sin, **cuireann an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní** den chuid is mó agus **déanann sí an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh rialú nua**, **agus oibleagáidí Frontex a bhaineann le cosaint chearta bunúsacha** na ndaoine a chumhdaítear le hoibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh á gcur san áireamh.

**NÓTA:** D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle.

[2] Breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2023, *WS agus páirtithe eile* v *Frontex*, T-600/21 (féach freisin preasráiteas Uimh. 133/23).